Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2022
(OR. en)

10137/22
PV CONS 37
COMPET 492
IND 228
MI 469
RECH 372
ESPACE 70

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus an Spás))

9 agus 10 Meitheamh 2022

<u>**CLÁR**</u>

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ........................................................................................ 4

2. Formheas na míreanna 'A' ...................................................................................... 4
Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha

<u>**Plé reachtach**</u>

<u>AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS TIONSCLAÍOCHT</u>

3. An Treoir maidir le creidmheasanna tomhaltóirí ............................................................ 4

4. An Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Gníomh um Shliseanna) ........................................................................ 4

<u>**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**</u>

5. Athléimneacht éiceachórais thionsclaíocha straitéiseacha na hEorpa a neartú ............................ 4

<u>**Aon ghnó eile**</u>

6. a) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair ........................................................ 5
Treoir lena gcumhachtaítear tomhaltóirí le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas
b) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta ........................................................... 5

<u>RECHERCHE</u>

7. Conclúidí maidir leis na misin Eorpacha ................................................................ 5

8. Conclúidí maidir le luachanna agus prionsabail le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht ........................................................................................ 5

9. Conclúidí maidir leis an meastóireacht ar thaighde agus maidir leis an eolaíocht oscailte a chur chun feidhme ................................................................................................ 5

10. Tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí óga aimsir ghéarchéime ........................................ 6

<u>AN SPÁS</u>

11. Conclúidí maidir le Copernicus faoi 2035 ............................................................. 6

12. Conclúidí maidir le cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta ..................................... 6

13. Athléimneacht agus iomaíochas chlár spáis an Aontais ................................................ 6

**Aon ghnó eile**

Taighde

14. a) Imeachtaí agus gníomhaíochtaí le linn Uachtaránacht na Fraince ..................................... 6
b) An staid mar atá maidir le cur chun feidhme rialachas nua an Limistéir Eorpaigh Taighde .......................................................................................................................... 6
c) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta ............................................................................ 7

An Spás

d) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta ............................................................................ 7

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle .................................................... 8

***

**CRUINNITHE DÉARDAOIN, AN 9 MEITHEAMH 2022**

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9634/22.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 9640/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 9640/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS TIONSCLAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **An Treoir maidir le creidmheasanna tomhaltóirí** ❶C 9433/1/22 REV 1 **+ REV 1 COR 1** + ADD 1
*Cur chuige ginearálta*

Ghlac an Chomhairle an cur chuige ginearálta mar a leagtar amach é in 9433/1/22 REV 1 + REV 1 COR 1. Tá ráiteas comhpháirteach ón Eastóin agus ón Liotuáin i gceangal leis na miontuairiscí seo ón gComhairle.

4. **An Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Gníomh um Shliseanna)** ❶C 9361/22 9178/22 6170/22 + ADD 1
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*
*Díospóireacht bheartais*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn a leagtar amach in 9361/22.

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a leagtar amach in 9178/22.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. **Athléimneacht éiceachórais thionsclaíocha straitéiseacha na hEorpa a neartú** 2 9179/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a leagtar amach in 9179/22.

**Aon ghnó eile**

6. **(a) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Treoir lena gcumhachtaítear tomhaltóirí le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas** ❶C 7808/22 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(b) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Seicia*

**CRUINNIÚ DÉ hAOINE, AN 10 MEITHEAMH 2022**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

RECHERCHE

**7. Conclúidí maidir leis na misin Eorpacha** F2 9517/1/22 REV 1 + ADD 1
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí a leagtar amach in 10124/22. Tá ráiteas ó thoscaireacht na Polainne i gceangal leis na miontuairiscí seo ón gComhairle.

**8. Conclúidí maidir le luachanna agus prionsabail le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht** F2 9524/1/22 REV 1 + ADD 1-2
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach in 10125/22 iad. Tá ráiteas ón gComhairle agus ráiteas ó thoscaireacht na Polainne i gceangal leis na miontuairiscí seo ón gComhairle.

**9. Conclúidí maidir leis an meastóireacht ar thaighde agus maidir leis an eolaíocht oscailte a chur chun feidhme** F2 9515/22 + ADD 1
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach in 10126/22 iad. Tá ráiteas ó thoscaireacht na Polainne i gceangal leis na miontuairiscí seo ón gComhairle.

**10.** **Tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí óga aimsir ghéarchéime** ⌸ 9182/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna mar a leagtar amach in 9182/22 iad.

AN SPÁS

**11.** **Conclúidí maidir le Copernicus faoi 2035** ⌸ 9389/22
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach in 10070/22 iad.

**12.** **Conclúidí maidir le cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta** ⌸ 9395/22
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach in 10071/22 iad.

**13.** **Athléimneacht agus iomaíochas chlár spáis an Aontais** ⌸ 9175/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna mar a leagtar amach in 9175/22 iad.

**Aon ghnó eile**

Taighde

**14.** **(a)** **Imeachtaí agus gníomhaíochtaí le linn Uachtaránacht na Fraince** ⌸ 9455/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(b)** **An staid mar atá maidir le cur chun feidhme rialachas nua an Limistéir Eorpaigh Taighde** ⌸ 9578/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(c) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Seicia*

An Spás

(d) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Seicia*

---

❶ An chéad léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 9634/22**

**Aguisín 'B' mír 3:** **An Treoir maidir le creidmheasanna tomhaltóirí**
*Cur chuige ginearálta a ghlacadh*

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN EASTÓIN AGUS ÓN LIOTUÁIN**

'Is díol sásaimh don Eastóin agus don Liotuáin príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún rialacha creidmheasa do thomhaltóirí a nuachóiriú agus a neartú chun freastal ar na hathruithe a tháinig chun cinn leis an digitiú agus ag an am céanna ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a chruthú agus cuidiú le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Chuige sin áfach, ba cheart féachaint le cothromaíocht réasúnta a bhaint amach lena seachnaítear, i measc nithe eile, ualach neamhriachtanach ar thrádálaithe agus cur isteach díréireach ar na margaí sin atá ag feidhmiú go maith.

Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dúinn an téacs comhréitigh críochnaitheach ó Uachtaránacht na Fraince, ó tá go leor gnéithe ann a chuireann na prionsabail bhunúsacha sin san áireamh. Mar sin féin, bhíomar i bhfabhar, ón tús, creidmheasanna saor ó ús agus gan aon mhuirir eile a eisiamh ó raon feidhme na Treorach mar atá faoi láthair. Bheadh ualach díréireach, dar linne, ar na trádálaithe agus ar na húdaráis mhaoirseachta dá gcumhdófaí na cineálacha sin creidmheasa, agus d'fhéadfadh sé go gceilfí tairiscintí ar thomhaltóirí a rachadh chun tairbhe dóibh. Cé gurbh fhearr linn cur chuige níos uaillmhianaí ina leith sin, féadfaimid tacú leis an téacs, a fhágfaidh go bhféadfar córas comhréireach agus eisiaimh áirithe spriocdhírithe a chur i bhfeidhm maidir le creidmheasanna den chineál sin.

Dá bhrí sin, molaimid go gcaomhnófaí an chothromaíocht íogair atá bainte amach againn agus go mbreathnófaí ar na hargóintí thuasluaite le linn na caibidlíochta atá le teacht le Parlaimint na hEorpa.'

**Aguisín 'B' mír 7:** **Conclúidí maidir leis na misin Eorpacha**
*Formheas*

**Aguisín 'B' mír 9:** **Conclúidí maidir leis an meastóireacht ar thaighde agus maidir leis an eolaíocht oscailte a chur chun feidhme**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, i bhfoclaíocht ar bith ina dtagraítear don téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn é a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE.'

**Aguisín 'B' mír 8:** **Conclúidí maidir le luachanna agus prionsabail le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir le fogha míleata na rúise faoin Úcráin agus a thionchar ar T&N**

'Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir gur sárú fíochmhar ar an dlí idirnáisiúnta é fogha míleata na Rúise faoin Úcráin agus líon ollmhór sibhialtach á ghortú agus á mharú mar thoradh air. Tá ionsaithe á ndíriú ag an Rúis ar an bpobal sibhialta agus réada sibhialtacha mar sprioc aici, lena n-áirítear institiúidí eolaíocha, amhail ollscoileanna, institiúidí taighde agus leabharlanna. Chuir an cogadh timpeallacht taighde agus nuálaíochta (T&N) na hÚcráine i mbaol agus chuir sé caidreamh fónta eolaíochta le pobail T&N an dá thír i mbaol freisin.

Meabhraíonn an Chomhairle di gurb ionann urraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha chomh maith le caidreamh síochánta a chur chun cinn i measc náisiúin mar bhonn don chomhar idirnáisiúnta i réimse T&N agus gur bagairt thromchúiseach do thaighdeoirí aonair é sárú na bprionsabal agus na luachanna sin.

Is díol sásaimh don Chomhairle an fhreagairt thapa ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit chun an tairseach ERA4Ukraine a sheoladh faoi líonra Euraxess mar ionad ilfhreastail chun faisnéis a chur ar fáil maidir le tacaíocht do thaighdeoirí na hÚcráine ón Aontas, na Bhallstáit agus na Tíortha Comhlachaithe. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil ERA4Ukraine ar ceann de na tionscnaimh leanúnacha ón gCoimisiún, ó na Ballstáit, ó eagraíochtaí éagsúla agus ó bhaill aonair de phobal T&N an Aontais chun tacú le taighdeoirí agus mic léinn na hÚcráine agus iarrann sí go ndéanfaí gníomhaíochtaí breise i leith na hÚcráine.
Is díol sásaimh don Chomhairle an cinneadh an comhar atá ann cheana agus an comhar nua le heintitis phoiblí sa Rúis agus sa Bhealarúis a chur ar fionraí, ar comhar é a thionscain an Coimisiún faoi chuimsiú na gClár Réime Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, chomh maith leis na bearta a glacadh ar leibhéal na mBallstát. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún faisnéis a chur ar fáil dó go tráthrialta sa chomhthéacs sin.

Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir, dá bhrí sin, gur gá sásraí comhordaithe a chur chun feidhme a thuilleadh, agus na bearta náisiúnta atá ann cheana á gcur san áireamh, chun tacú le taighdeoirí agus mic léinn ar cuireadh iallach orthu teitheadh nó atá i mbaol de dheasca fogha míleata na Rúise. Thairis sin, cuireann an Chomhairle chun suntais a riachtanaí atá sé tacaíocht iomchuí a chur ar fáil chun go mbeidh an Úcráin in ann a cumais ardoideachais agus eolaíochta a choinneáil agus a athghabháil.

Cuireann an Chomhairle chun suntais sa chomhthéacs sin ábharthacht na taidhleoireachta eolaíochta mar uirlis thábhachtach chun luachanna agus prionsabail an chomhair idirnáisiúnta a shaothrú agus chun beartais T&N agus spriocanna uileghabhálacha beartais a nascadh le chéile.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, i bhfoclaíocht ar bith ina dtagraítear don téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn é a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE.'